

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



**CLÁR ÉIRE ILDÁNACH FHINE GALL
2021**

**CRITÉIR CHÁILITHEACHTA &
FOIRM IARRATAIS**

RÉAMHRÁ

Is tionscnamh Rialtais cúig bliana é Éire Ildánach 2017-2022 a ghlacann leis an gcruthaitheacht mar ghné lárnach de bheartas poiblí. Is é Fine Gall Ildánach an clár atá á reáchtáil i gceantar Fhine Gall mar chuid den tionscnamh seo.

CÉ ATÁ INCHÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH?

Mar chuid de chlár Éire Ildánach Fhine Gall 2021, tá Comhairle Contae Fhine Gall ag fáiltiú roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí atá i mbun tionscadal seachbhrabúsach a bhfuil sé mar aidhm leo scrúdú cruthaitheach a dhéanamh ar cheann amháin, ar a laghad, de na téamaí seo a leanas;

- Folláine Pobail agus Cultúr
- Oidhreacht (a bhféadfaí taiscéalaíocht stairiúil a áireamh ann)
- Ceol
- STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic)
- An Ghaeilge

Samhlaítear go mbeidh luach idir €3,000 - €10,000 luaite leis na dámhachtainí a dhéanfar.

COINNÍOLLACHA/CRITÉIR

1. Ní ghlacfar le hiarratais ach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
2. Ní fhéadfar iarratais a dhéanamh ach le haghaidh tionscadal a bheidh á reáchtáil i gCeantar Fhine Gall.
3. Ní mór tionscadail a chur i gcrích faoin 1 Samhain 2021.
4. Áireofar sna Critéir Roghnúcháin:

- (a) An bealach a bhfuil an t-imeacht/an tionscadal beartaithe ailínithe le Colún Chlár Éire Ildánach - 'Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal';
- (b) A mhéid a bhaineann an t-imeacht/an tionscadal beartaithe an oiread tairbhe agus is féidir as rannpháirtíocht an phobail agus na saoránach;
- (c) Uaillmhian, nuálaíocht agus cumas cothaithe cruthaitheachta an imeachta/an tionscadail atá beartaithe;
- (d) An scóip a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an imeacht/leis an tionscadal agus an spriocphobal beartaithe;
- (e) Costas an imeachta/an tionscadail beartaithe agus aon tacaíochtaí agus maoiniú breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach nó a d'fhéadfadh a bheith deimhnithe; agus
- (f) An fhéidearthacht a bhaineann leis an tionscadal a chríochnú laistigh den amfráma sonraithe.

5. Déanfar gach tionscadal a mheas trí úsáid a bhaint as an scéim marcála seo a leanas

1	Táthar ag déileáil le roinnt téamaí	125
2	Leibhéal na rannpháirtíochta sa Phobal agus le saoránaigh (a) (b) (d)	250
3	Scála an tionscadail chomh fada is a bhaineann le huaillmhian, nuálaíocht agus cothú na cruthaitheachta. (c)	250
4	Costáil- luach ar airgead (e)	175
5	Bainistíocht tionscadail - An fhéidearthacht a bhaineann leis an tionscadal a chur i gcrích (f) Ní mór don eagraí nó do na heagraithe fianaise a sholáthar agus plean soiléir a fhorbairt chun an tionscadal a chur i gcrích	200
	Iomlán	1000

6. Ní mór go mbeadh beartais chúil i ndáil le Cosaint Leanaí bunaithe ag gach duine a fhaigheann cúnamh deontais faoi scéim Éire Ildánach le haghaidh tionscadal a bhfuil leanaí nó daoine óga páirteach iontu. Chomh maith leis sin, lorgóidh Comhairle Contae Fhine Gall deimhniú go bhfuil na beartais árachais agus na Nósanna Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta cúil bunaithe.
7. Ní mór aitheantas a thabhairt do chúnamh deontais atá curtha ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall do thionscnamh Éire Ildánach i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann leis an tionscadal. Coimeádaimid an ceart poiblíocht a dhéanamh ar bhronnadh Dámhachtainí do Thionscadal Fhine Gall Ildánach.

Mura ndéantar dámhachtain a admháil go cuí d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an dámhachtain neamhbhailí agus d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach tacaíocht faighte a aisíoc le Comhairle Contae Fhine Gall. Gheobhaidh gach iarratas rathúil cóip de lógónna Chomhairle Contae Fhine Gall agus Éire Ildánach, agus de na riachtanais a bhaineann leis an dámhachtain a admháil.

- 8.** Ní bheidh cúnamh á sholáthar i ndáil le gníomhaíochtaí tráchtála.
- 9.** Ní dhéanfar íocaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil tús curtha leo roimh chead a fháil.
- 10.** Cuirfear cinntí na Comhairle in iúl do gach iarratasóir i scríbhinn.
- 11.** Níor cheart glacadh le híocaíocht dámhachtana mar fhianaise go ndéanfar aon dámhachtain eile a bhronnadh ar an eagraí/ar an tionscadal am ar bith ina dhiaidh sin.

Ceanglaítear ar iarrthóirí tuarascáil ar dhul chun cinn/nuashonrú gonta a chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall leath bealaigh tríd an tionscadal agus i ndiaidh an tionscadail.
- 12.** Is féidir ábhar tacaíochta a sholáthar i dteannta le hiarratais. Ábhar tacaíochta, nach mó ná A4 (e.g. ó thionscadail, taispeántais etc. a cuireadh i gcrích roimhe seo le dátaí, ionaid, CVanna ceannairí tionscadail, nó próifíl eagraithe, grianghraif)
- 13.** Ag brath ar an leibhéal deontais bronnta d'fhéadfadh go mbeadh gá le Deimhniú Imréitigh Cánach reatha.
- 14.** Ní mór go mbeadh fianaise le gach Tionscadal maidir le hÁrachas Dliteanais phoiblí leordhóthanach agus cuimsitheach.
- 15.** Ní mór go mbeadh RGCS agus na ceanglais a bhaineann leis á chomhlíonadh ina iomláine ag iarratasóirí.
- 16.** Soláthair sonraí maidir le haon iarratais déanta, atá beartaithe a dhéanamh nó maoiniú bronnta ag ranna eile laistigh den Chomhairle nó ag aon chomhlacht eile.

17. Ba cheart go n-áireofaí in iarratais, más gá, plean comhlíonta Covid a chloíonn le treoirínite reatha an Rialtais.

Ní bhreithneofar ach iarratas amháin le haghaidh gach imeachta. **NÍL gníomhaireachtaí reachtúla INCHÁILITHE chun iarratas a dhéanamh.**

CONAS A DHÉANFAIDH MÉ IARRATAS?

Seol d'iarratas comhlánaithe trí ríomhphost chuig creativefingal@fingal.ie tráth nach déanaí ná 4pm ar an Aoine, an 5 Márta, 2021.

MÁ ÉIRÍONN LIOM, CONAS IS FÉIDIR AN CISTE A ÍOSTARRAINGT?

Chun an ciste a íostarraingt, ceanglófar ar iarratasóirí na nithe seo a leanas a chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall:

- Tuarascáil Iarthionscadail/Iar-imeachta (cuirfear teimpléad ar fáil leis an litir thairisceana) lena n-áirítear fianaise gur reáchtáladh an t-imeacht (e.g. fianaise fhótagrafach) le haird ar leith ar úsáid a bheith baint as lógó Éire Ildánach.
- Admhálacha maidir le caiteachas ceadaithe don tionscadal.
- Déanfar íocaíocht bunaithe ar admhálacha incháilithe a sholáthar agus ní dhéanfar íocaíocht ach trí ríomhaistriú airgid.
- Ag brath ar an iarratas, d'fhéadfadh breithniú a dhéanamh ar chéatadán den mhaoiniú a chur ar fáil láithreach nó i rith an tionscadail/an imeachta.

CONAS A BHEIDH A FHIOS AGAM AR ÉIRIGH LE M'IARRATAS?

Cuirfear scéala i scríbhinn chuig gach iarratasóir ar éirigh leis agus nár éirigh leis faoin 1 Aibreán, 2021.

IS É AN DÁTA DEIRIDH A NGLACFAR LE HIARRATAIS 4PM, DÉ HAOINE, AN 5 MÁRTA, 2021.

NÍ CHUIRFEAR IARRATAIS DHÉANACHA SAN ÁIREAMH.

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



FOIRM IARRATAIS

Ainm an Iarratasóra:

Sonraí an Tionscadail :

Méid á Lorg: _____

Úsáid oifige amháin

Méid bronnta: _____

Sínithe: _____

Dáta: _____

Roinn 1: Iarratasóir

Sonraí an phríomhtheagmhálaí	
Ainm an Iarratasóra:	
Seoladh an Iarratasóra:	
Teagmhálaí:	
Ról leis an ngrúpa:	
Ríomhphost:	
Teileafón:	

Roinn 2: Tionscadal/Imeacht

SONRAÍ AN GHRÚPA / NA HEAGRAÍOCHTA (Más cuí)	
Ainm an Ghrúpa/na hEagraíochta:	
Sonraigh nádúr/príomhghníomhaíocht na heagraíochta:	
An bhfuil do ghrúpa/d'eagraíocht cleamhnaithe le haon chomhlacht áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta ábhartha?	
Uimhir Chláraithe Cuideachta	
An bhfuil Stádas Carthanúil ag do chuideachta? Má tá, sonraigh an Uimhir Charthanais	

Sonraí an Tionscadail/an Imeachta atá Beartaithe:	
Ainm an Tionscadail/an Imeachta:	
Dáta Tosaithe an tionscadail/an imeachta:	
Spriocphobal Meáin/Rannpháirtithe:	
Próifíl an spriocphobail:	

**Fianaise maidir le
comhlíonadh Covid ag cloí le
treoirínte reatha an Rialtais
(más infheidhme)**

**Soláthair sonraí maidir leis an tionscadal/imeacht atá beartaithe, agus
cinntigh go ndéanann tú cur síos ar na téamaí a chlúdófar i do thionscadal
faoi Chlár Fhine Gall Ildánach lena n-áirítear:**

Folláine Pobail agus Cultúr

Oidhreacht

Ceol

**STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus
Matamaitic)**

An Ghaeilge

Ceangail leathanaigh bhreise más gá.

--

Roinn 3: Bainistíocht agus Soláthar Foirne

Tionscadal/I meacht Soláthar Foirne	
Líon Comhaltaí Boird:	
Líon Comhaltaí Deonacha Coiste:	
Líon Comhaltaí foirne lánaimseartha íoctha:	
Líon Comhaltaí foirne páirtaimseartha íoctha:	
Líon Oibrithe Deonacha/intéirneach:	

Príomhchomhaltaí Foirne: Soláthair sonraí maidir le cúlra agus taithí príomhchomhaltaí foirne/príomhphearsanra:

Comhaltaí Coiste/Boird: Soláthair sonraí maidir le cúlra agus taithí príomhchomhaltaí an choiste/an bhoird eagraithe

--

Comhaltaí Foirne/Conraitheoirí Eile: Liostaigh na cuideachtaí a ceapadh chun earraí agus/nó seirbhísí a sholáthar/a chur ar fáil le haghaidh an Tionscadail/an imeachta:

--

Roinn 4: Straitéis Díolacháin & Margaíochta

Conas atá sé beartaithe agat poiblíocht a dhéanamh ar an Tionscadal/ ar an imeacht de réir Thionscamh Éire Ildánach?

--

--

Roinn 5: Ioncam agus Caiteachas Réamh-mheasta

IONCAM	€
Díolacháin Ticéad	
Marsantacht Tionscadail/Imeachta	
Urraíocht	
Maoiniú FLAG	
Maoiniú LEADER	
An Chomhairle Ealaíon	
Maoiniú Deontais ó Údarás Áitiúil (lena n-áirítear Comhairle Contae Fhine Gall agus Údaráis Áitiúla eile)	
Fáilte Ireland	
Deontais (Eile, sonraigh le do thoil)	
Iasachtaíocht	
Tiomsú Airgid	
Eile (<i>sonraigh le do thoil</i>)	
IONCAM IOMLÁN	

CAITEACHAS	€
Táillí Ealaíontóirí/Taibheoirí	
Costais Trealamh PA/AV	
Costais Infreastruchtúir	
Costais agus táillí teicniúla	
Costais Slándála	
Costais an Gharda Síochána	
Costais Margaíochta (lena n-áirítear Caidreamh Poiblí, na meáin shóisialta, dáileadh bileog etc.)	

Brandáil agus comharthaíocht suímh	
Costais Oibriúcháin (lena n-áirítear tuarastail & costais foirne, cíos & rátaí oifige, teas & solas, teileafón & idirlíon, postas, soláthairtí oifige & stáiseanóireacht, Tacaíocht TF, táillí cuntasáíochta & dlí, árachas, costais TF lena n-áirítear óstáil & cothabháil)	
Priontáil	
Plean Comhlíonta Covid	
CAITEACHAS IOMLÁN	
IONCAM LÚIDE CAITEACHAS IOMLÁN	

Séanadh – léigh go cúramach le do thoil

Coinníoll a bheidh luaite le haon iarratas ar mhaoiniú is ea go bhfuil an méid seo a leanas léite ag an iarratasóir, go dtuigeann sé/sí an méid thíos agus go nglacann sé/sí leis:

1. Ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas don iarratasóir, nó aon pháirtí eile, i ndáil le haon chailteanas, damáiste nó costais de chineál ar bith a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as:
 - a. An t-iarratas nó an t-ábhar arb ionann é agus ábhar an iarratais
 - b. Diúltú d'aon iarratas ar chúis ar bith
2. Ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall freagrach nó dlite, ag an am in aon imthosca, i ndáil le haon ní ar chor ar bith a eascraíonn as riaradh gníomhaíochtaí.

Roinn 6: Dearbhú

Dearbhú an Iarratasóra/na nIarratasóirí

Tá iarratas á dhéanamh agam/againn ar mhaoiniú luach €_____ le cur le costas iomlán an tionscadail/an imeachta.

Tá an fhaisnéis agus na critéir atá sonraithe ag Comhairle Contae Fhine Gall léite agam/againn agus tuigim/tuigimid iad.

Deimhním/Deimhnímid go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais seo, agus an fhaisnéis ar fad atá sonraithe in aon doiciméad a cuireadh ar fáil chun tacú leis an iarratas fíor agus cruinn.

Admhaím/Admhaímid go mbeidh aon fhaisnéis phearsanta curtha ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall á fáil agus á próiseáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2003 agus RGCS.

Má dhéanann siad iarratas, comhaontaíonn iarratasóirí le faisnéis an iarratasóra a bheith á próiseáil agus á nochtadh ag an gComhairle, más gá, chun cistí a riar, tuairisciú a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh agus chun críocha iniúchta; agus chomh maith leis sin toilíonn iarratasóirí rathúla don fhaisnéis seo (e.g. ainm an iarratasóra rathúil, méid na dámhachtana, sonraí an imeachta etc.) a bheith á nochtadh ag Comhairle Contae Fhine Gall i ndáil le margaíocht nó poiblíocht na scéime agus an imeachta.

Sínithe: _____ Dáta: _____

Ainm (i mbloclitreacha): _____

Thar ceann (ainm na heagraíochta): _____

FÓGRA COSANTA SONRAÍ CHOMHAIRLE CONTE FHINE GALL

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tá eolas le fáil san Fhógra Cosanta Sonraí seo maidir le do chearta príobháideachais agus sonraítear ann, conas a bhailimid, a úsáidimid, a phróiseálaimid agus a nochtaimid, mar Rialtóir, do shonraí pearsanta a bhaineann le do chuid idirghníomhaíochtaí linn.

Faisnéis a d'fhéadfaimis a bhailiú uait

Ciallaíonn sonraí pearsanta aon fhaisnéis faoi dhuine aonair a cheadaíonn an duine sin a shainaithint. Ní chuimsítear i sonraí pearsanta aon sonraí a bhfuil an t-aitheantas bainte astu (sonraí anaithnide). Féadfaimid aon chineál sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil dúinn i rith do chuid idirghníomhaíochtaí linn a bhailiú agus a phróiseáil.

Conas a úsáidimid na sonraí pearsanta a bhailimid

Ní úsáidfidimid do shonraí pearsanta ach chun na gcríoch agus na mbonn dlí atá sonraithe sa tábla thíos.

Críoch(a) Próiseála	Bonn Dlí le haghaidh Próiseála
<ul style="list-style-type: none">An t-iarratas a phróiseáil i ndáil le riaradh cistíDoiciméid árachais agus doiciméid eile den chineál sin a lorgIarratas a mheasCríocha iniúchta	<ul style="list-style-type: none">Critéir Cháilitheachta faoin Scéim

Beartas Coinneála i leith Taifid

Tá Beartas Coinneála i leith Taifid bunaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall ina sonraítear an tréimhse ama a mbeidh do chuid sonraí pearsanta á coimeád ag Comhairle Contae Fhine Gall agus céard a tharlóidh do na sonraí pearsanta nuair a bheidh an tréimhse choinneála riachtanach imithe in éag.

Ní choinneofar do shonraí pearsanta ach don tréimhse is faide is gá chun na críche/na gcríoch a fuarthas na sonraí. Áirítear i measc na gcritéir a úsáideadh chun cinneadh a dhéanamh maidir lenár dtréimhsí coinneála (i) an tréimhse ama a bhfuil caidreamh leanúnach againn agus/nó a bhfuil ár

seirbhísí á soláthar againn; (ii) cibé acu atá nó nach bhfuil ceanglas dlí le comhlíonadh againn; agus (iii) cibé acu atá nó nach bhfuil coinneáil inmholta i bhfianaise ár seasamh dlí (cosúil le i ndáil le reachtanna infheidhme tréimhsí, dlíthíocht nó imscrúduithe rialála).

Déan teagmháil linn má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir lenár dtréimhsí coinneála nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.fingal.ie

Slándáil agus an áit a bhfuil do shonraí pearsanta á stóráil

Táimid tiomanta do shlándáil do shonraí pearsanta a chosaint. Tá teicneolaíochtaí agus nósanna imeachta slándála éagsúla in úsáid againn chun cabhrú le do shonraí pearsanta a chosaint ó rochtain agus ó úsáid neamhúdaraithe. Ainneoin cleachtais slándála nua-aimseartha a bheith chomh héifeachtach agus atá, níl aon chóras slándála fisiciúil nó leictreonach go hiomlán slán. Ní féidir linn slándáil iomlán ár mbunachair sonraí a ráthú, ná ní féidir linn a ráthú ach oiread nach ndéanfar an fhaisnéis a sholáthraíonn tú a idircheapadh nuair a bhíonn an fhaisnéis á tarchur chugainn tríd an Idirlíon. Tá diantreoracha inmheánacha curtha i bhfeidhm againn lena chinntiú go bhfuil do phríobháideachtas á chosaint ag gach leibhéal dár n-eagraíocht. Leanfaimid ar aghaidh le beartais a leasú agus le gnéithe breise slándála a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn teicneolaíochtaí nua ar fáil.

Do Chearta

Tá an ceart agat rochtain ar shonraí pearsanta atá á gcoinneáil fút a lorg, deimhniú a fháil maidir le cibé acu an ann d'fhaisnéis nó nach ann d'fhaisnéis fút, a bheith ar an eolas faoi ábhar agus foinse na sonraí agus cruinneas na sonraí a sheiceáil. Lena chois sin, má chinntear go bhfuil na sonraí atá á gcoinneáil againn fút míchruinn, tá an ceart agat na sonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Fhine Gall a athrú, a bhaint, a bhacadh, nó cur i gcoinne úsáid na sonraí sin. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh bac a chur ar rochtain ar shonraí mar bhonn le moill ar sheirbhís nó rochtain ar sheirbhís a bhaint sa chás go bhfuil na sonraí ag teastáil de réir an dlí nó le haghaidh cuspóirí riachtanacha a bhaineann le seirbhís a sholáthar duit. Tabhair faoi deara, ar mhaithe le do phríobháideachtas a chosaint, go bhfuil céimeanna á gcur i gcríoch againn chun d'aitheantas a fhíorú roimh rochtain ar shonraí pearsanta a cheadú. Chun na cearta seo a fheidhmiú, ba cheart duit na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích,

Ní mór gach iarratas ar shonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Fhine Gall a dhéanamh i scríbhinn tríd an bpost nó trí ríomhphost a sheoladh chuig:

An tOifigeach Bainistíochta Faisnéise & Sonraí

Roinn na nGnóthaí Corparáideacha & Rialachais,
Comhairle Contae Fhine Gall, Oifigí na Cathrach, Baile Bhlainséir
Ríomhphost: data.officer@fingal.ie

An Ceart Gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Má shíleann tú nach bhfuil do chearta cosanta sonraí á n-urramú ag an gComhairle, déan teagmháil linn. Mura mbíonn tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú uainn, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Seo thíos na sonraí teagmhála:

Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise

Glaoch Áitiúil: 1890 252 231, Teileafón: 057 8684800, Facs: 057 8384757

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Suíomh Gréasáin: <http://www.dataprotection.ie>